Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 19 Meán Fómhair 2025 (OR. en)**

**12714/25**

**Comhad Idirinstitiúideach: 2024/0321 (NLE)**

**ENFOPOL 318**
**CRIMORG 166**
**CT 109**
**IXIM 187**
**COLAC 146**
**CORDROGUE 110**
**JAI 1229**
**RELEX 1146**

## NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontaigh Eorpaigh, an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Chónaidhmitheach na Brasaíle maidir le comhar le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) agus le Póilíní Cónaidhme na Brasaíle agus tríothu<br>– glacadh |

1. An 15 Bealtaine 2023, ghlac an Chomhairle Cinneadh lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht le Poblacht Chónaidhmitheach na Brasaíle le haghaidh comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Chónaidhmitheach na Brasaíle maidir le malartú sonraí pearsanta idir Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) agus údaráis na Brasaíle atá inniúil chun an choireacht thromchúiseach agus an sceimhlitheoireacht a chomhrac[1].

2. Ar bhonn an chinnidh sin, chuaigh an Coimisiún i mbun caibidlíochta le húdaráis inniúla Phoblacht Chónaidhmitheach na Brasaíle idir mí Iúil 2023 agus mí Dheireadh Fómhair 2024.

[1] 8525/23.

3. Tugadh an chaibidlíocht maidir leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Chónaidhmitheach na Brasaíle maidir le comhar le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) agus Póilíní Cónaidhme na Brasaíle agus tríothu ('an Comhaontú') chun críche go rathúil agus cuireadh inisealacha le téacs an Chomhaontaithe an 18 Deireadh Fómhair 2024.

4. An 18 Nollaig 2024, chuir an Coimisiún an méid seo a leanas faoi bhráid na Comhairle:

   a) togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Chónaidhmitheach na Brasaíle maidir le comhar le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) agus le Póilíní Cónaidhme na Brasaíle agus tríothu[2] ('Cinneadh maidir le síniú'); agus

   b) togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontaigh Eorpaigh, an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Chónaidhmitheach na Brasaíle maidir le comhar le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) agus le Póilíní Cónaidhme na Brasaíle agus tríothu[3] ('Cinneadh maidir le tabhairt i gcrích').

5. An 23 Eanáir 2025, phléigh an Mheitheal um Fhorfheidhmiú an Dlí (Póilíní) na tograí sin agus téacs an Chomhaontaithe a bhí ag gabháil leo mar iarscríbhinn (ADD 1). Mhol na Ballstáit sa chruinniú sin, agus i scríbhinn, go ndéanfaí roinnt athruithe. Chuir na Ballstáit uile in iúl go bhféadfaidís aontú leis na téacsanna arna modhnú, nó nár chuir siad ina gcoinne ar a laghad. I ndiaidh an chomhaontaithe sin ar an leibhéal teicniúil, rinne na dlítheangeolaithe athbhreithniú ar na téacsanna[4].

6. An 24 Feabhra 2025, ghlac an Chomhairle an Cinneadh maidir le síniú[5] agus, ina dhiaidh sin, síníodh an Comhaontú an 5 Márta 2025.

---

[2] 17073/24 + ADD 1.

[3] 17074/24 + ADD 1.

[4] Leagtar amach téacsanna athbhreithnithe na gcinntí agus an Chomhaontaithe in 5616/25 (Cinneadh maidir le síniú), in 5617/25 (Cinneadh maidir le tabhair i gcrích), agus in 5618/25 (Cinneadh). Tá Éire faoi cheangal ag Rialachán (AE) 2016/794 agus tá sí, dá bhrí sin, rannpháirteach i nglacadh na gCinntí sin. I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus le CFAE, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh na gCinntí sin agus níl sí faoi cheangal acu ná faoi réir a gcur i bhfeidhm.

[5] 5616/25.

7. Cuireadh Parlaimint na hEorpa ar an eolas i gcomhréir le hAirteagal 218(10) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

8. I gcomhréir le hAirteagal 218(6) CFAE, caithfear toiliú ó Pharlaimint na hEorpa a fháil sula nglacfaidh an Chomhairle an Cinneadh maidir le tabhairt i gcrích.

9. An 10 Márta 2025, sheol an Chomhairle iarraidh ar thoiliú chuig Parlaimint na hEorpa, agus an 9 Meán Fómhair 2025 thug Parlaimint na hEorpa a toiliú chun an Comhaontú a thabhairt i gcrích.

10. I bhfianaise an mhéid thuas agus faoi réir dearbhú ó Choiste na mBuanionadaithe, iarrtar ar an gComhairle an méid seo a leanas a dhéanamh:

- an dréachtchinneadh maidir le tabhairt i gcrích, mar a leagtar amach in 5617/25 é, a ghlacadh mar mhír 'A', a bhfuil an Comhaontú i gceangal leis, mar a leagtar amach in 5618/25 é;

- a aontú go bhfoilseofar téacs an Chinnidh maidir le tabhairt i gcrích, mar aon le téacs an Chomhaontaithe, san Iris Oifigiúil;

- a thabhairt dá haire go gcuirfear Parlaimint na hEorpa ar an eolas i gcomhréir le hAirteagal 218(10) CFAE, agus go ndéanfar an Cinneadh ón gComhairle a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa.